# An Fhéiniúlacht Chultúir

Is é **an cultúr** an teanga, na creidimh, na luachanna, na treoracha, na gnásanna, na róil, an t-eolas agus na scileanna a shocraíonn an dóigh a maireann sochaí nó grúpa daoine i sochaí áirithe.

Baineann an cultúr leis na rudaí seo a leanas:

- an baile s'againn
- an teanga a labhraímid
- an dóigh a ngléasaimid
- an bia a ithimid
- na reiligiúin a gcreidimid iontu
- an córas polaitíochta sa tír
- na traidisiúin atá againn (spórt, ceol, seanchas srl.)

Foghlaimítear an cultúr ón tsochaí ina dtógtar muid – agus ón ghrúpa sóisialta s'againn. Ní chónaíonn daoine ina n-aonar ach i ngrúpaí sóisialta. Roinneann na grúpaí sóisialta seo eolas, scileanna agus smaointe. Tugann sin féiniúlacht dúinn agus mothaímid compordach ann.




*Moslamaigh ag léirsiú i mBaile Átha Cliath faoi íomhá an fháidh.*

Go minic déanann daoine iarracht na gnéithe is tábhachtaí dá gcultúr traidisiúnta a chaomhnú ach iad a mheascadh le gnéithe deasa de chultúir eile. In amanna, áfach, ní bhíonn rogha ann mar tá cultúr áirithe iontach láidir – m.sh. Béarla, cultúr SAM srl.

**Déan liosta de na rudaí a thaitníonn leat faoin chultúr Ghaelach.**

**Déan liosta de na rudaí a thaitníonn leat faoi chultúir eile (bia, ceol, damhsa, spórt srl.)**

**An Gael go fóill thú?**
**Nó an bhfuil féiniúlacht chultúrtha idirnáisiúnta agat?**

**Ar chóir dúinn dearmad a dhéanamh den chultúr Gaelach?**

**An bhfuil deireadh ag teacht leis *an éagsúlacht chultúir*?**
**An bhfuil an domhan ag éirí mar an gcéanna maidir le cultúr de?**

# An Fhéiniúlacht Náisiúnta

De ghnáth, bíonn rogha againn faoi na hionannais atá againn – cé go mbíonn brú éigin orainn tacú le club sacair áirithe, faisean srl. (m.s. gléasann a lán daoine óga mar an gcéanna).
Ach ní bhíonn mórán rogha againn faoin fhéiniúlacht náisiúnta. Má bheirtear i dtír áirithe thú, tugtar saoránacht náisiúnta duit. (Corruair athraíonn daoine má chuireann siad fúthu i dtír eile.) I dTuaisceart Éireann, áfach, tá rogha ann – is féidir leat pas Éireannach nó pas Briotanach a iarraidh, nó an dá cheann.

I dTuaisceart Éireann, deirtear go minic go bhfuil dhá fhéiniúlacht chultúrtha ann – an **cultúr náisiúnach (Gaelach)** agus an **cultúr aontachtach (Briotanach)**. Deir daoine eile gur chóir dúinn dearmad a dhéanamh de na difríochtaí seo agus cultúr amháin a chothú.

**Déan liosta de na grúpaí cultúrtha éagsúla i dTuaisceart Éireann. Cá mhéad atá ann?**

**Déan liosta de shamplaí den chultúr náisiúnach.**

**Déan liosta de shamplaí den chultúr aontachtach.**

**Coinníonn siombailí agus bratacha traidisiúnta an grúpa cultúrtha le chéile agus is cúis bhróid dóibh iad. Ach is féidir leis na rudaí seo cur isteach ar dhaoine fosta.**

**Cad iad na siombailí cultúrtha a chuireann bród ort? Cad iad na siombailí a chuireann isteach ort? Cad chuige?**

**Cad é mar a mhothaíonn tú faoi shiombailí de chuid na mionghrúpaí cultúir anseo (Síneach, Indiach srl.)**






# Na Tionchair ar an Fhéiniúlacht Chultúir

Tá roinnt cúinsí a imríonn tionchar ar fhéiniúlacht chultúrtha duine aonair nó grúpa. Mar shampla:

- an teaghlach
- an scoil
- an piarghrúpa
- an reiligiún
- na meáin chumarsáide
- an pobal



## An Teaghlach

Tá an cúinse seo ar na cúinsí is tábhachtaí maidir leis an fhéiniúlacht chultúrtha. Cuir i gcás leanbh nua-bheirthe: tá sé ag brath ar dhaoine eile le bia agus deoch a sholáthar dó agus lena chosaint ar gach dochar agus galar. Is ón teaghlach de ghnáth, a fhoghlaimíonn, an leanbh buncheachtanna an tsaoil sa tsochaí ina mbeirtear é.

Foghlaimíonn na leanaí an dóigh le labhairt, le hithe agus le siúl. Ach lena chois sin, foghlaimíonn siad rudaí eile. Baineann cuid de na rudaí seo le scileanna nádúrtha atá sa dúchas ag duine (m.sh. nach féidir clocha a ithe). Ach baineann rudaí eile leis an chultúr atá ag an teaghlach (m.sh. ní itear na feithidí in Éirinn; ach itear i dtíortha eile iad).

Foghlaimíonn na leanaí trí bheith ag amharc agus ag déanamh aithrise ar na tuismitheoirí agus daoine eile. Tugtar moladh dóibh nó cáintear iad (tugtar amach dóibh) maidir le hiompraíocht de réir rialacha agus ghnásanna an chultúir s'acu.

# Féiniúlacht

## An Scoil
Ar scoil foghlaimíonn páistí an t-eolas agus na scileanna le bheith páirteach sa tsochaí s'acu (m.sh. Mata, Eolaíocht, Léamh agus Scríobh srl.). Lena chois sin, foghlaimíonn siad an dóigh le réiteach le daoine eile, is é sin rialacha faoin iompraíocht (m.sh. bheith múinte le daoine fásta; agus ag réiteach argóintí ar dhóigheanna inghlactha)

## Piarghrúpa
Is grúpa daoine ar an chéim shóisialta chéanna leat féin an piarghrúpa (m.sh. grúpa cairde, an rang s'agat; daoine atá ar comhaois leat srl.). Is mór an tionchar a imríonn an piarghrúpa ar an fhéiniúlacht chultúrtha (m.sh. brú ort gléasadh ar dhóigh áirithe).

## An Reiligiún
Tugann an reiligiún treoirlínte láidre maidir le hiompraíocht an duine agus imríonn sé tionchar ar fhéiniúlacht chultúrtha an duine. Foghlaimíonn a lán páistí faoin reiligiún sa bhaile, ar scoil agus ag foirgneamh reiligiúin cosúil le teach pobail. Tá na Deich nAithne sa reiligiún Críostaí anois i ndlí na hÉireann (m.sh. tá cosc ar an dúnmharú, ar an ghadaíocht srl.).

## Na Meáin Chumarsáide
Sa lá atá inniu ann bíonn páistí faoi thionchar na teilifíse ó bhíonn siad an-óg. Mar shampla, bíonn na leanaí beaga ag amharc ar chláir cosúil le *Tweenies, Balamory* agus *Teletubbies*. Deir roinnt daoine go dteagascann na cláir seo cultúr do na leanaí beaga – mar shampla an t-iompar a bhfuiltear ag dúil leis uathu. Is fíor go nglacann páistí le heolas ón teilifís gan cheist agus go ndéanann siad aithris ar na rudaí a fheiceann siad. Tá tionchar mór ag an teilifís agus ag na hirisí ar chultúr na ndéagóirí fosta – mar shampla popchultúr.




## An Pobal
Cad é is ciall leis an fhocal 'pobal'? Is grúpa daoine é a bhfuil an fhéiniúlacht chéanna acu. Go minic bíonn siad ina gcónaí sa cheantar céanna, freastalaíonn ar na scoileanna céanna, oibríonn le chéile nó bíonn an creideamh céanna acu.



**Cad é mar a d'imir na cúinsí seo tionchar ar d'fhéiniúlacht chultúrtha féin? Scríobh síos sampla do gach ceann.**

**Déan liosta de na grúpaí sóisialta a bhfuil tú páirteach iontu.**

**Líon isteach an tábla thall. Scríobh síos an t-iompar, na luachanna agus na tuairimí a d'fhoghlaim tú ó do thaithí shóisialta.**

| | Teaghlach | Scoil | Piarghrúpa | Reiligiún | Na Meáin | Pobal |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Gnásanna** (an iompraíocht a bhfuiltear ag dúil léi uait) | | | | | | |
| **Luachanna** (smaointe faoi cad é atá ceart/ mícheart) | | | | | | |
| **Creidimh** (tuairimí faoin saol) | | | | | | |

# Féiniúlacht



***Thuas:*** *An tÉireannach trodach.*
***Thíos:*** *Fógra poist a bhí i bhfuinneog in Durban na hAfraice Theas.*
*Cad é a léiríonn an dá phictiúr faoin bhuanchruth a bhí ag daoine do ghrúpaí eile?*




## FOCLÓIR

**Buanchruth** (claoníomha)
nuair a labhraíonn nó a smaoiníonn duine faoi ghrúpa sóisialta mar a bheadh gach duine sa ghrúpa mar an gcéanna, m.sh.

*"tá na mná maith ag déanamh obair tí"*
*"tá na hÉireannaigh tugtha don ól"*
*"tá na daoine gorma maith ag damhsa"*

**Claontacht**
nuair atá drochthuairim (nó b'fhéidir fuath) ag duine faoi ghrúpa sóisialta, m.sh.

*"ní maith liom na Sínigh"*

**Ciníochas**
claontacht/drochthuairim faoi dhaoine mar gheall ar a gcine (mar gheall ar dhath a gcraicinn, nó b'fhéidir an tír arb as dóibh), m.sh.

*"is fuath liom an cine gorm"*

**Seicteachas**
drochthuairim nó iompar claonta in éadan grúpa shóisialta (m.sh. reiligiún áirithe)

**Leatrom**
idirdhealú míchothrom; ag caitheamh le daoine go míchothrom (m.sh. mar gheall ar dhath a gcraicinn, a reiligiún, a n-aois, a n-inscne srl).



*Círéib in Ard Eoin, Béal Feirste, le linn ghéarchéim Scoil na Croise Naofa.*

# Coimhlint faoin Fhéiniúlacht Chultúir

Tá buntáistí móra ag baint leis an fhéiniúlacht chultúrtha:

- tugann sé daoine le chéile mar phobal
- aontaíonn siad le chéile faoi ghnásanna agus luachanna > mar sin de réitíonn siad le chéile
- tuigeann siad a chéile
- tá siad ábalta comhoibriú le chéile le rudaí a dhéanamh
- tugann sé muinín do dhaoine – tuigeann siad cé hiad féin agus ní mhothaíonn siad faoi ionsaí – mar sin de tá siad ábalta glacadh le daoine ó chultúir eile gan eagla a bheith orthu

Ach tá míbhuntáistí leis an fhéiniúlacht chultúrtha fosta – m.sh. nuair a shíleann daoine go bhfuil an fhéiniúlacht chultúrtha s'acu níos fearr ná féiniúlacht nó cultúr daoine eile. Chreid Hitler go raibh na Gearmánaigh dhúchasacha níos fearr ná cine ar bith eile (go háirithe na Giúdaigh).



*Frith-Ghiúdachas sa Ghearmáin le linn ré Hitler*

## Coimhlintí cultúir i dTuaisceart na hÉireann


Deirtear go bhfuil dhá fhéiniúlacht chultúrtha mhóra i dTÉ (ach tá a lán féiniúlachtaí cultúrtha eile ann – m.sh. mionghrúpaí eitneacha). Deir roinnt daoine go bhfuil an t-idirdhealú seo bunaithe ar an reiligiún (an pobal Caitliceach agus an pobal Protastúnach). Deir daoine eile go bhfuil sé bunaithe ar an náisiúntacht agus ar an chultúr (an pobal Gaelach agus an pobal Briotanach). Deir daoine eile nach bhfuil ciall leis an scoilt – nach bhfuil ach pobal amháin ann. Seo a leanas roinnt ceisteanna a mbíonn achrann (argóint) fúthu i dTÉ.

## Teanga

Síltear go mbaineann an Ghaeilge le pobal amháin agus go bhfuil fuath ag daoine de chuid an phobail eile di (cé go bhfuil Protastúnaigh ann a bhfuil Gaeilge acu). I mBéarla baineann an dá phobal úsáid as téarmaí ar leith – m.sh. *Derry* nó *Londonderry*; *the six counties/the north* nó *Northern Ireland/Ulster*; *the mainland* nó *Britain*.

# Féiniúlacht





## Bratacha

Baineann gach tír úsáid as bratach le tacaíocht don náisiún a léiriú. Baineann grúpaí eile úsáid as bratacha fosta, m.sh. sa spórt. Ach i dTÉ de thairbhe go bhfuil dhá fhéiniúlacht náisiúnta ann bíonn achrann ag baint leis na bratacha. Mar shampla, cuirtear bratacha ar foluain i gceantair áirithe lena thaispeáint cén fhéiniúlacht atá ag tromlach na ndaoine ansin. Ach b'fhéidir go gcuirfeadh sé isteach ar dhuine d'fhéiniúlacht chultúrtha eile agus b'fhéidir go sílfeadh sé go gcrochtar na bratacha lena thaispeáint nach bhfuil fáilte roimh an fhéiniúlacht chultúrtha sin. Lena chois sin, bhí trioblóid ar Bhóthar Ormeau i samhradh 2005 nuair a crochadh bratach an chlub CLG áitiúil mar gur shíl an pobal dílseachta gur masla dóibh é.

## Mórshiúlta

Tá achrann faoi na mórshiúlta Oráisteacha le cúpla céad bliain. Sa lá atá inniu ann, dar leis an phobal náisiúnach gur masla dóibh é nuair a shiúlann na Fir Bhuí trí cheantar náisiúnach gan cead a iarraidh ar na daoine. Ach dar leis an Ord Oráisteach go bhfuil buncheart acu a bhféiniúlacht chultúrtha a léiriú ar an dóigh seo agus go bhfuil an pobal náisiúnach (SF go háirithe) ag iarraidh an cultúr Oráisteach a chosc.



*An tOrd Oráisteach ag Droim Crí*

**Scríobh síos liosta de na bratacha**
**a) i do cheantar;**
**b) a fheiceann tú i do cheantar féin.**

**Mínigh cad é mar a mhothaíonn tú nuair a fheiceann tú na bratacha seo? Tabhair samplaí le do fhreagra.**

**Cá huair ba chóir bratacha a chur ar foluain agus cá huair nár chóir, dar leat?**



*Balla síochána i mBéal Feirste.*

## Deighilt Phobail

I dTuaisceart Éireann bíonn daoine ina gcónaí go minic i gceantar a bhfuil an fhéiniúlacht chultúrtha céanna ag formhór na ndaoine. Mar shampla, ar Bhóthar na Seanchille tá formhór na ndaoine ina n-aontachtaithe; agus ar Bhóthar na bhFál is náisiúnaithe formhór na ndaoine. Tá roinnt ceantar a bhfuil meascán ann ach le linn na dtrioblóidí mhothaigh a lán Caitliceach agus Protastúnach níos compordaí i gceantar ina raibh daoine den fhéiniúlacht chultúrtha chéanna.

Freastalaíonn an chuid is mó de na páistí ar scoileanna aon chreidimh amháin (cé go bhfuil roinnt scoileanna measctha ann anois). Tá scoileanna lán-Ghaeilge ann anois fosta – níl aon chreideamh amháin acu ach tá príomhchultúr acu (an cultúr Gaelach).

Lena chois sin, póstar daoine den fhéiniúlacht chultúrtha chéanna go minic – Caitlicigh ar Chaitlicigh, Protastúnaigh ar Phrotastúnaigh. Mar shampla, níl cead ag ball den Ord Oráisteach Caitliceach a phósadh. Agus bhíodh riail ag an Eaglais Chaitliceach dá bpósfadh Caitliceach Protastúnach go raibh orthu a gcuid páistí a thógáil mar Chaitlicigh.

Mar gheall ar na cúinsí thuas, coinnítear an dá phobal cultúir scartha. Tugtar ‘deighilt’ air seo.

## Cad é a tharlaíonn nuair a mhaireann cultúir éagsúla in aice lena chéile?

Is iomaí cultúr éagsúil a mhaireann in aice lena chéile faoi shíochháin. Ach tá sé seo ag brath ar cé acu tá comhionannas ann nó tá an lámh in uachtar ag cultúr amháin. Má mhothaíonn cultúr amháin faoi bhrú nó faoi bhagairt b’fhéidir go n-athróidís cuid dá gcultúr chun réiteach níos fearr leis an chultúr eile; nó b’fhéidir go gcuirfidís a bpobal beag féin ar bun, deighilte ón tsochaí mhór.

# Buanchruthanna

Cé go bhfuil roinnt gnásanna agus luachanna mar an gcéanna ag grúpaí cultúir, tá difríochtaí ann fosta. Is féidir **'fo-chultúr'** a thabhairt air seo (is é sin, grúpa beag taobh istigh den ghrúpa mór cultúir a bhfuil tréithe aige atá éagsúil le cultúr an ghrúpa mhóir).

Nuair a labhraímid go róghinearálta faoi ghrúpa cultúir (nuair nach n-aithnímid na difríochtaí beaga) tugtar **'buanchruth'** air sin.

Seo a leanas roinnt ráiteas a dhéanann buanchruthú ar ghrúpaí.

Is máithreacha nádúrtha iad na mná.

Is meisceoirí iad na Gaeil.

Is homaighnéasaigh iad na daoine a bhfuil SEIF orthu.

Tá formhór na ngadaithe dubh.

Tá cailíní fionna bómánta.

Tá na daoine a bhíonn gan obair falsa.

**Scríobh síos liosta de na grúpaí a ndéantar buanchruthú orthu, dar leat, (m.sh. daoine óga, na mná srl.).**

**Cad iad na tréithe a luaitear leo?**

**Cad é a insíonn na buanchruthanna seo faoin dóigh a gcaitear leis na grúpaí seo sa tsochaí s'againne.**

Is bithiúnaigh iad na daoine óga a bhíonn ag fálróid fá choirnéal na sráide.

# An Seicteachas

Is féidir an seicteachas a shainmhíniú mar chóras dearcaidh, creidimh agus gníomhartha in éadan grúpaí reiligiúnacha eile. Is féidir le daoine aonair, pobail agus institiúidí bheith seicteach.
Baineann an seicteachas le 'tromaíocht' go minic. Mar shampla:

- an grúpa eile a fhágáil as
- manaí maslacha nó bagracha
- séanadh go bhfuil an grúpa eile ann ar chor ar bith
- drochmheas a chaitheamh ar an ghrúpa eile
- imeagla agus ionsaithe fisiceacha

Is é atá i gceist anseo grúpaí eile a smachtú, cearta grúpaí eile a shéanadh agus mí-úsáid a bhaint as cumhacht.

Is féidir leis an reiligiún – go háirithe cur chun cinn reiligiúin amháin – bheith ina chúis achrainn; agus ina údar le scoilteanna sa tsochaí. I dTuaisceart Éireann bíonn baint ag an seicteachas le gnéithe éagsúla den saol: fostaíocht, oideachas, tithíocht.

Mar shampla, sna 1960í, rinne Gluaiseacht na gCeart Sibhialta gearán go raibh an rialtas aontachtach ag Stormont, agus na comhairlí áitiúla, ag tabhairt tithe do Phrotastúnaigh nuair a bhí i bhfad níos mó Caitliceach gan dídean. Sa lá atá inniu ann baineann a lán ceantar tithíochta le reiligiún amháin agus bíonn argóintí idir an pobal náisiúnach agus an pobal Protastúnach faoi chúrsaí tithíochta. Maíonn an pobal náisiúnach, go fóill, nach bhfuil go leor tithe ann dóibh agus go bhfuil talamh folamh agus tithe folmha sna ceantair aontachtacha. Ach os a choinne sin maíonn an pobal aontachtach go bhfuil bochtaineacht sna ceantair s'acu mar a léiríonn na tithe tréigthe; agus go bhfuil náisiúnaithe ag iarraidh na tithe a bhaint díobh (mar sin de mothaíonn siad faoi bhrú).




*Páistí ó Scoil na Croise Naofa, Ard Eoin, faoi ionsaí agus iad ag déanamh a mbealaigh ar scoil.*

# Féiniúlacht

I gcúrsaí fostaíochta maíonn Caitlicigh nach féidir leo deiseanna cothroma a fháil – go bhfuil fianaise ann go ndéantar idirdhealú míchothrom ina n-éadan. Ach deir na Protastúnaigh nach bhfaigheann siadsan cothrom na Féinne ach an oiread nuair a bhíonn a lán Caitliceach ag obair áit éigin (m.sh. dúirt Diane Dodds, DUP, an méid sin faoi phoist san Otharlann Ríoga ar Bhóthar na bhFál). Chuir rialtas na Breataine dlíthe nua i bhfeidhm chun comhdheiseanna fostaíochta a leagan síos. Ach deir roinnt polaiteoirí náisiúnacha nach leor an méid seo agus go bhfuil éagothromaíocht sna staitisticí fostaíochta go fóill (m.sh. go bhfuil dhá oiread níos mó Caitliceach dífhostaithe).

I gcúrsaí póilíneachta chuir náisiúnaithe i leith an RUC go raibh siad seicteach – go raibh siad ag obair ar son an phobail aontachtaigh agus go raibh siad claonta in éadan an phobail náisiúnaigh. Mar sin de, rinne rialtas na Breataine athchóiriú ar na póilíní (mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta 1998) agus bhunaigh siad PSNI. Ach tá argóintí ann go fóill faoi na hathruithe seo – na haontachtaithe ag gearán go dtéann na hathruithe thar fóir; na náisiúnaithe ag maíomh go bhfuil níos mó athruithe de dhíth.

Tarlaíonn an seicteachas i dtíortha eile fosta. Mar shampla:

- tá coimhlint idir na Hiondúigh agus na Moslamaigh sna críocha Indiacha; agus cuireadh tír nua ar bun do na Moslamaigh – an Phacastáin
- sna 1990í bhí achrann seicteach san Iúgslaiv – thit an tír as a chéile nuair a thosaigh cogadh fuilteach idir na grúpaí eitneacha (agus reiligiúin éagsúla acu fosta): na Seirbiaigh (an Eaglais Cheartchreidmheach), na Crótaigh (an Caitliceachas) agus na Boisniaigh (an Creideamh Moslamach)
- tá athbheochan sa bhunúsachas Ioslamach le blianta anuas agus déantar iarracht i roinnt tíortha tionchar an Iarthair a dhíbirt as an tsochaí (m.sh. na Talabanaigh san Afganastáin).

Cé gur údar le coimhlint na traidisiúin chultúrtha éagsúla go minic, ní hamhlaidh atá an scéal i gcónaí. Tá buntáistí leis an éagsúlacht chultúrtha fosta.



*Tá teannas sa Chosaiv idir na Seirbiaigh agus na Cosavaigh.*

**Léigh na ráitis thíos. Cé acu atá seicteach agus cad chuige, dar leat?**

Is fearr leis na péas na Protastúnaigh

Learpholl – curaidh na hEorpa

SSRUC

CFC

KAH



UTH

Tá na fir níos fearr ag an spórt ná na mná

TLC

KAT

Is fuath liom Caitlicigh

Daoine gorma amach